COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL

Neadacha Folmha

Oibríonn Comhairle Contae Fhine Gall 'Scéim Ranníocaíocht Airgeadais' lenar féidir le daoine a bhfuil **aois Seanóra** slánaithe acu agus ar úinéirí iad ar a dteaghais féin i limistéar an Chontae a airíonn go bhfuil a dteaghaisí rómhór dá riachtanais, iarraidh ar an gComhairle a dteaghais a cheannach agus a bheith in ann teaghais Chomhairle do Sheanóirí a fháil ar cíos.

Measann an Chomhairle gur modh tábhachtach an scéim seo chun tithe teaghlaigh a aimsiú lena ligean agus ag an am céanna tionchar dearfach a imirt ó thaobh an líon mór teaghaisí sa Chontae nach bhfuil lánáitithe a laghdú. Tá buntáiste breise i gceist leis seo freisin, ná seancheantair a athbeochan.

Is beartas na Comhairle é an 'Scéim Ranníocaíocht Airgeadais' seo a chur chun cinn a mhéad is féidir agus ag an am céanna teidlíochtaí na **Seanóirí ar an liosta tithíochta** nach bhfuil acmhainní airgeadais suntasacha acu a choinneáil.

Leanfaidh an Chomhairle de laghdú méide a chur chun cinn maidir lena soláthar tithíochta ar cíos féin.

Is iad seo a leanas sonraí na scéime:-

Féadfaidh seanóirí arb úinéirí teaghaisí príobháideacha iad a airíonn go bhfuil a dteaghais phríobháideach rómhór dá gcuid riachtanas iarratas a dhéanamh chuig an gComhairle ar chóiríocht do Sheanóirí ar an gcoinníoll go n-íocfaidh siad ranníocaíocht airgeadais atá leagtha síos ag 1/3 d'fháltas glan an phraghais díola. Ach i gcás go bhfaigheann an seanóir bás nó go dtéann sé/sí isteach i dteach altranais laistigh de 4 bliana ón tionóntacht a fháil, gheobhaidh an tionónta nó eastát an tionónta, cibé acu is cuí, aisíocaíocht de réir an tábla thíos.

Tréimhse mar Thionónta	*Aisíocaíochtaí*
Níos lú ná Bliain	Aisíocaíocht 80 %
Bliain amháin níos lú ná 2 bhliain	Aisíocaíocht 60 %
2 bhliain níos lú ná 3 bliana	Aisíocaíocht 40 %
3 bliana níos lú ná 4 bliana	Aisíocaíocht 20 %
4 bliana nó níos mó	Gan aisíocaíocht

Ríomhfar aisíocaíochtaí ar an ranníocaíocht bhunaidh a rinneadh gan aon ús is féidir a bheith fabhraithe a áireamh

Ní mór d'iarratasóirí a dhéanann iarratas faoin gceannteideal seo a dteaghais a thairiscint don Chomhairle lena ceannach sa chéad ásc.

Má dhíoltar an teaghais le gaol nó le duine eile faoin Luach Margaidh, déanfar "**glanfháltais an díola**" a chur in ionad an Luacha Margaidh nuair a bheidh an ranníocaíocht airgeadais á ríomh.

Ní dhéanfaidh an Chomhairle aonaid chóiríochta do Sheanóirí a bhfuil easpa folúntas ina dtaobh a leithroinnt faoin gceannteideal seo chun éadairbhe iarratas ag Seanóirí ar an Liosta Tithíochta.